V

(Fógairtí)

GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsiú iarratais ar leasú a dhéanamh ar théarma traidisiúnta in earnáil an fhíona i gcomhréir le hAirteagail 28(3) agus 34 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint ainmniúchán tionscnaimh, tásc geografach agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, srianta ar úsáid, leasuithe ar shonraíochtaí táirge, cealú cosanta, lipéadú agus cur i láthair

'Vino generoso'

(2023/C 275/14)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart agóid a thaisceadh i gcomhréir le hAirteagail 22(1) agus 27(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 ón gCoimisiún [1]. Ní mór na ráitis agóide a bheith faighte ag an gCoimisiún laistigh de 2 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

IARRATAS AR LEASÚ MAIDIR LEIS AN TÉARMA TRAIDISIÚNTA

'Vino generoso'

Dáta fála: An 5 Bealtaine 2023

Líon na leathanach (an ceann seo san áireamh): 4

Teanga an iarratais ar leasú: Spáinnis

Uimhir chomhaid: Ares(2023) 3171190

Téarma traidisiúnta a n-iarrtar an leasú ina leith: Vino generoso

Iarratasóir: Ard-Stiúrthóireacht an Tionscail Bhia, Aireacht na Spáinne um Thalmhaíocht, Iascach agus Bia

Seoladh iomlán (uimhir an tí agus ainm na sráide, baile/cathair agus cód poist, tír):

P^{o} Infanta Isabel, 1

28071 Maidrid

ESPAÑA

Náisiúntacht: Spáinnis

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 46.

Teileafón, facs, ríomhphost:

Teileafón: +34 913475397

Facs +34 913475410

R-phost: dgia@mapa.es; sgccala@mapa.es

Tuairisc ar an leasú

Leis an achoimre ar an sainmhíniú/na coinníollacha úsáide don téarma traidisiúnta 'vino generoso' in *e*Ambrosia, bunaítear an méid seo a leanas:

'[Cuid B, pointe 8, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 606/2009 ón gCoimisiún] nó an fíon ag a bhfuil ATFC "Montilla-Moriles", gona shainmhíniú a thugtar thuas, ar choinníoll nach gcuirtear aon alcól leis le linn an phróisis táirgthe, agus fíorneart alcóil de réir toirte aige gan bheith níos lú ná 15 % a bhaint amach go nádúrtha.'

Tá baint an sainmhíniú/na coinníollacha úsáide seo le Rialachán (CE) Uimh. 606/2009 ón gCoimisiún, a aisghaireadh le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún, lena leagtar síos rialacha maidir leis an téarma traidisiúnta 'vino generoso' ina Iarscríbhinn III, cuid B, pointe 8:

'I gcás fíonta licéir, ní bhainfear úsáid as an ainm sonrach traidisiúnta "vino generoso" ach amháin le haghaidh fíonta licéir tirime a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint acu agus a fhorbraítear go hiomlán nó go páirteach faoi fhlór agus:

— nach bhfaightear ach ó fhíonchaora bána a fhaightear ó na cineálacha fíniúna Palomino de Jerez, Palomino fino, Pedro Ximénez, Verdejo, Zalema agus Garrido Fino,

— a chuirtear ar fáil ar an margadh tar éis iad a aibiú i mbairillí darach ar feadh meántréimhse dhá bhliain.

Ciallaíonn forbairt faoi fhlór dá dtagraítear sa chéad fhomhír an próiseas bitheolaíoch lena dtugtar saintréithe sonracha anailíseacha agus orgánaileipteacha don táirge, ar próiseas é a tharlaíonn nuair a fhorbraíonn scannán gnáthghiostaí go spontáineach ar shaordhromchla an fhíona tar éis choipeadh alcólach iomlán an úrfhíona.'

Cuireadh an méid seo a leanas in ionad an tsainmhínithe/na gcoinníollacha úsáide:

'Ní úsáidfear an t-ainm "vino generoso" ach amháin le haghaidh fíonta agus fíonta licéir thirime, i gcatagóirí táirgí fíniúna 1 agus 3 faoi Chuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013, gona hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint "Condado de Huelva", "Jerez-Xérès-Sherry", "Lebrija", "Málaga", "Manzanilla-Sanlúcar de Barrameda", "Montilla-Moriles" agus "Rueda":

1. Nach dtáirgtear ach ó fhíonchaora bána a fhaightear ó na cineálacha fíniúna atá údaraithe do gach ceann de na hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint thuasluaite;

2. Cuirtear ar fáil ar an margadh iad tar éis dóibh teacht in aois i mbairillí darach ar feadh meántréimhse dhá bhliain ar a laghad;

3. Go bhforbróidh sé go spontáineach scannán de ghiostaí tipiciúla (ar a dtugtar an "flor" [plúr]) ar shaordhromchla an fhíona tar éis choipeadh alcólach iomlán an úrfhíona, lena dtugtar saintréithe sonracha anailíteacha agus orgánaileipteacha don táirge, cé is moite d'fhíonta traidisiúnta tirime de chuid ATFC "Málaga";

4. Tá neart alcóil iarbhír íosta 14 % de réir toirte aige i gcás chatagóir 1, agus 15 % de réir toirte i gcás chatagóir 3, seachas na heisceachtaí a leagtar síos i ndlí an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair;

5. Tá uaschion siúcra dí-ocsaídithe ann (glúcós agus fruchtós) díobh seo a leanas:

   a) 4 ghram in aghaidh an lítir;

   b) nó 9 ngram in aghaidh an lítir, ar choinníoll nach mó ná 2 ghram faoi bhun an chion siúcra iarmharaigh an aigéadacht iomlán arna sloinneadh mar ghraim d'aigéad tartarach in aghaidh an lítir.

   c) nó, go heisiach i gcás fíonta licéir, an leibhéal a bhunaítear le haghaidh "tirim" sa tsonraíocht.'

Míniú ar na cúiseanna atá leis an modhnú

An téarma traidisiúnta 'vino generoso', tá sé le sonrú ina measc siúd is mó gradam agus traidisiún maidir le hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint na hAndalúise. Tagraíodh dó sna téacsanna dlíthiúla éagsúla lena n-aithnítear na ATFCanna.

Tá an téarma traidisiúnta faoi chosaint faoi láthair, agus déantar a úsáid a rialú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh faoi Airteagail 112(a) agus 113 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle.

Tá sé á shainiú i gCuid B, pointe 8, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le limistéir fíonsaothrúcháin inar féidir an neart alcóil a mhéadú, le cleachtais fhíoneolaíocha údaraithe agus srianta is infheidhme maidir le táirgeadh agus caomhnú táirgí fíniúna, leis an íoschéatadán alcóil i gcás fotháirgí agus a ndiúscairt, agus le foilsiú comhad de chuid OIV. Ina theannta sin, cuireadh an téarma san áireamh i dtosach i mbunachar sonraí leictreonach an Choimisiúin Eorpaigh 'e-Bacchus', ar cuireadh an clár leictreonach '*e*Ambrosia' ina ionad. An sainmhíniú a úsáideadh, tá sé bunaithe ar thagairt do Chuid B, pointe 8 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 606/2009 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2009 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe áirithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 479/2008 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na catagóirí táirgí fíniúna, cleachtais fhíoneolaíocha agus na srianta is infheidhme, a aisghaireadh ina dhiaidh sin le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019, ina gcoinnítear ar bun na sainmhínithe a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 606/2009 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2009.

Ar mhaithe le soiléireacht, trédhearcacht agus deimhneacht dhlíthiúil, tá téarmaí traidisiúnta áirithe d'fhíonta de hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint de chuid na hAndalúise faoi réir rialacháin faoi Ordú ón Aireacht Réigiúnach Talmhaíochta, Iascaigh, Uisce agus Forbartha Tuaithe an 22 Feabhra 2023, a foilsíodh in Iris Oifigiúil na hAndalúise (Boja) Uimh. 42 an 3 Márta 2023. Is é an tOrdú an ionstraim dlí iomchuí chun na téarmaí traidisiúnta a fhormheas agus chun iad a leasú ina dhiaidh sin i gclár an Aontais Eorpaigh. Chun aistriú dlíthiúil ó chreat reachtach reatha an téarma thraidisiúnta 'vino generoso' agus ó na téarmaí traidisiúnta gaolmhara faoi chosaint a áirithiú, bunaíodh agus foilsíodh an sainmhíniú. Sa sainmhíniú, déantar tuairisc ar ghnéithe shainiúla agus comhroinnte na n-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint lena mbaintear úsáid as an téarma traidisiúnta. Ar an gcaoi sin, is féidir iomaíocht chothrom a bheith ann idir táirgeoirí agus, san am céanna, tugtar faisnéis shoiléir do thomhaltóirí. Ceann de ghnéithe nua an tsainmhínithe nua is ea go sainaithnítear ann na hainmniúcháin tionscnaimh shonracha faoi chosaint a bhfuil sé de cheart acu an téarma traidisiúnta sin a úsáid. Chomh maith leis na sé ainmniúchán tionscnaimh ó Andalúis, sainaithnítear freisin 'Rueda' mar chuid dá shonraíocht mar baineadh úsáid an téarma thraidisiúnta maidir leis i gcónaí.

Ainm an tsínitheora: Ard-Stiúrthóir an Tionscail Bhia